Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 28 Márta 2025**
**(OR. en)**

**7573/25**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0082(NLE)**

**ACP 18**
**WTO 17**
**COAFR 66**
**RELEX 394**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 28 Márta 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 156 final - ANNEX |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN<br>a ghabhann le<br>Tógra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle<br>maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhairle CCE agus i gCoiste na nOifigeach Sinsearach arna bhunú leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Poblacht na Céinia, Comhalta de Chomhphobal na hAfraice Thoir, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le glacadh na Rialacha Nós Imeachta don Chomhairle CCE, na Rialacha Nós Imeachta maidir le Réiteach Díospóidí agus an Chóid Iompair d'Eadránaithe agus Idirghabhálaithe, agus na Rialacha Nós Imeachta do Choiste na nOifigeach Sinsearach |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 156 final - ANNEX.

---

Faoi iamh: COM(2025) 156 final - ANNEX

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 28.3.2025
COM(2025) 156 final

ANNEX

# IARSCRÍBHINN

**a ghabhann le**

**Tógra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhairle CCE agus i gCoiste na nOifigeach Sinsearach arna bhunú leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Poblacht na Céinia, Comhalta de Chomhphobal na hAfraice Thoir, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le glacadh na Rialacha Nós Imeachta don Chomhairle CCE, na Rialacha Nós Imeachta maidir le Réiteach Díospóidí agus an Chóid Iompair d'Eadránaithe agus Idirghabhálaithe, agus na Rialacha Nós Imeachta do Choiste na nOifigeach Sinsearach**

## CEANGALTÁN

**Dréacht**
**CINNEADH Uimh. [...]**

**ÓN gCOMHAIRLE UM CHOMHAONTÚ COMHPHÁIRTÍOCHTA EACNAMAÍCHE**

**maidir lena Rialacha Nós Imeachta**

TÁ AN CHOMHAIRLE UM CHOMHAONTÚ COMHPHÁIRTÍOCHTA EACNAMAÍCHE,

Ag féachaint don Chomhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche (CCE) idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Poblacht na Céinia, Comhalta de Chomhphobal na hAfraice Thoir, den pháirt eile ('an Comhaontú'), arna shíniú in Nairobi an 18 Nollaig 2023, agus go háirithe Airteagal 105 de,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Leagtar síos Rialacha Nós Imeachta na Comhairle CCE mar a leagtar amach san Iarscríbhinn.

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an ...

Arna dhéanamh in/sa ..., an .

**Iarscríbhinn**

**RIALACHA NÓS IMEACHTA NA COMHAIRLE UM CHOMHAONTÚ COMHPHÁIRTÍOCHTA EACNAMAÍCHE**

arna bhunú le hAirteagal 104 den Chomhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Poblacht na Céinia, Comhalta de Chomhphobal na hAfraice Thoir, den pháirt eile

AIRTEAGAL 1

Ról na Comhairle CCE

An Chomhairle arna bunú de bhun Airteagal 104 den Chomhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas Eorpach, de pháirt amháin, agus Poblacht na Céinia, Comhalta de Chomhphobal na hAfraice Thoir, den pháirt eile, (dá ngairtear 'an Comhaontú' anseo feasta), tá sí freagrach as gach ábhar dá dtagraítear in Airteagal 104 den Chomhaontú.

AIRTEAGAL 2

Comhdhéanamh agus Cathaoirleach

1. Ionadaithe ón Aontas Eorpach agus ó Phoblacht na Céinia ar leibhéal na n-airí nó a n-ainmnithe atá ar an gComhairle CCE.

2. Is iad an Comhalta den Choimisiún Eorpach atá i gceannas ar thrádáil agus an Rúnaí Comh-Aireachta ábhartha atá freagrach as trádáil idirnáisiúnta do Phoblacht na Céinia a bheidh ina gcomhchathaoirligh ar an gComhairle CCE.

AIRTEAGAL 3

Rúnaíocht

1. Gníomhóidh oifigigh ón roinn atá freagrach as trádáil idirnáisiúnta thar ceann gach Páirtí i gcomhar le chéile mar Rúnaíocht na Comhairle CCE.

2. Tabharfaidh an dá Pháirtí fógra dá chéile faoi ainm, post, agus sonraí teagmhála an oifigigh atá ina chomhalta de Rúnaíocht na Comhairle CCE thar ceann an Pháirtí sin. Measfar an t-oifigeach a bheith fós ina chomhalta de Rúnaíocht an Pháirtí go dtí an dáta a thabharfaidh an Páirtí fógra don Pháirtí eile faoi chomhalta nua.

AIRTEAGAL 4

Cruinnithe

1. I gcomhréir le hAirteagal 104(5) den Chomhaontú, tiocfaidh an Chomhairle CCE le chéile go tráthrialta, agus ní bheidh níos mó ná 2 bhliain idir na cruinnithe, agus tiocfaidh sí le chéile go heisceachtúil, nuair is gá sin de réir na n-imthosca, le comhaontú na bPáirtithe.

2. Tionólfar na cruinnithe ar an dáta a shocraítear agus ag an am a shocraítear ar bhonn idirmhalartach sa Bhruiséil agus in Nairobi, mura gcomhaontóidh na Comhchathaoirligh a mhalairt.

3. Comhchathaoirleach an Pháirtí atá ina óstach ar an gcruinniú, is eisean a dhéanfaidh an cruinniú a thionól.

4. Féadfar cruinniú a thionól ar an láthair, trí fhíschomhdháil nó ar aon mhodh eile a chomhaontóidh na páirtithe.

AIRTEAGAL 5

Toscaireachtaí

Tréimhse réasúnta ama roimh aon chruinniú, déanfaidh an t-oifigeach atá ag gníomhú mar Rúnaí na Comhairle CCE thar ceann gach Páirtí an t-oifigeach atá ag gníomhú mar Rúnaí thar ceann an Pháirtí eile a chur ar an eolas faoin gcomhdhéanamh atá beartaithe le haghaidh thoscaireachtaí an Aontais Eorpaigh agus Phoblacht na Céinia faoi seach. Sna liostaí sin, sonrófar ainm agus feidhm gach comhalta den toscaireacht.

AIRTEAGAL 6

An clár oibre do na cruinnithe

1. 21 lá ar a laghad roimh chruinniú, seolfaidh comhalta de Rúnaíocht Chomhairle CCE an Pháirtí atá ina óstach don chruinniú togra le haghaidh clár oibre sealadach chuig an bPáirtí eile, maille le sprioc-am chun barúlacha a thabhairt. Déanfaidh Rúnaíocht na Comhairle CCE an clár oibre sealadach a tharraingt suas 14 lá ar a laghad roimh an gcruinniú, agus na barúlacha á gcur san áireamh.

2. Glacfaidh an Chomhairle CCE an clár oibre ag tús gach cruinnithe. Féadfar míreanna nach bhfuil ar an gclár oibre sealadach a chur ar an gclár oibre de chomhthoil.

## AIRTEAGAL 7

### Cuireadh a thabhairt do shaineolaithe

Féadfaidh Comhchathaoirligh na Comhairle CCE, trí chomhaontú frithpháirteach, cuireadh a tabhairt do shaineolaithe (i.e. saineolaithe nach oifigigh rialtais iad) freastal ar chruinnithe den Chomhairle CCE chun faisnéis a sholáthar maidir le hábhair shonracha agus ní bheidís i láthair ach amháin do na codanna den chruinniú ina bpléitear na hábhair shonracha sin.

## AIRTEAGAL 8

### Miontuairiscí

1. Maidir leis an oifigeach atá ag gníomhú mar chomhalta de Rúnaíocht an Pháirtí atá ina óstach ar an gcruinniú, dréachtóidh sé dréacht-mhiontuairiscí ar gach cruinniú laistigh de 15 lá ó dheireadh an chruinnithe, mura gcinnfidh na Comhchathaoirligh a mhalairt. Seolfar na dréacht-mhiontuairiscí chuig an gcomhalta de Rúnaíocht an Pháirtí eile ar mhaithe le barúlacha a fháil.

2. Déanfar achoimre sna miontuairiscí, mar riail ghinearálta, ar gach mír atá ar an gclár oibre, agus sonrófar an méid seo a leanas iontu, i gcás inarb infheidhme:

(a) na doiciméid ar fad arna gcur faoi bhráid na Comhairle CCE;

(b) aon ráiteas ar iarr duine de Chomhchathaoirligh na Comhairle CCE a chur leis na miontuairiscí; agus

(c) na cinntí a rinneadh, na moltaí a rinneadh, na ráitis a comhaontaíodh agus na conclúidí a glacadh i leith ítimí sonracha.

3. Áireofar sna miontuairiscí liosta ar a mbeidh cinntí uile na Comhairle CCE a rinneadh trí nós imeachta i scríbhinn de bhun Airteagal 9(2) ón uair dheireanach a raibh cruinniú ag an gComhairle.

4. Beidh iarscríbhinn ag gabháil leis na miontuairiscí freisin ina mbeidh liosta ainmneacha agus theidil na ndaoine ar fad a bhí i láthair ag cruinniú na Comhairle CCE, mar aon le cáil na ndaoine sin.

5. Déanfaidh an Rúnaí na dréacht-mhiontuairiscí a choigeartú ar bhonn na mbarúlacha a fuarthas agus déanfaidh na Páirtithe na dréacht-mhiontuairiscí, arna n-athbhreithniú, a fhormheas laistigh de 30 lá ó dháta an chruinnithe, nó faoi aon dáta arna shocrú ag na Comhchathaoirligh. Nuair a bheidh siad formheasta, bunóidh an Rúnaíocht dhá scríbhinn bhunaidh de na miontuairiscí agus gheobhaidh na Páirtithe araon scríbhinn bhunaidh amháin díobh.

AIRTEAGAL 9

Cinntí agus moltaí

1. Féadfaidh an Chomhairle CCE cinntí agus moltaí a ghlacadh maidir le gach ábhar dá bhforáiltear amhlaidh leis an gComhaontú. Is trí chomhaontú frithpháirteach a ghlacfaidh an Chomhairle CCE cinntí agus moltaí, faoi mar a fhoráiltear in Airteagal 105(1) den Chomhaontú.

2. Sa tréimhse idir cruinnithe, féadfaidh an Chomhairle CCE cinntí nó moltaí a ghlacadh trí nós imeachta i scríbhinn.

3. Déanfaidh Comhchathaoirleach téacs dréachtchinnidh nó dréachtmholta a thíolacadh i scríbhinn don Chomhchathaoirleach eile i dteanga oibre na Comhairle CCE trí bhealaí taidhleoireachta. Beidh mí amháin, nó tréimhse níos faide a shonróidh an Páirtí atá á chur chun cinn, ag an bPáirtí eile lena chur in iúl go gcomhaontaíonn sé leis an dréachtchinneadh nó dréachtmholadh sin. Mura gcuirfidh an Páirtí eile in iúl go n-aontaíonn sé leis, pléifear an cinneadh nó an moladh atáthar a chur chun cinn agus féadfar é a ghlacadh ag an gcéad chruinniú eile den Chomhairle CCE. Measfar na dréachtchinntí nó dréachtmholtaí a bheith glactha a luaithe a chuirfidh an Páirtí eile in iúl go gcomhaontaíonn sé leo agus déanfar sin a thaifeadadh i miontuairiscí chruinniú na Comhairle CCE de bhun Airteagal 8(3).

4. I gcás ina dtugtar de chumhacht don Chomhairle CCE faoin gComhaontú cinntí nó moltaí a ghlacadh, tabharfar ‘Cinneadh’ nó ‘Moladh’ ar na gníomhartha seo, faoi seach. Cuirfidh Rúnaíocht na Comhairle CCE sraithuimhir chéimnitheach, dáta glactha agus tuairisc ar an ábhar le haon chinneadh nó moladh. Déanfar foráil i ngach cinneadh nó moladh maidir le dáta a theacht i bhfeidhm.

5. Déanfar na cinntí nó moltaí arna nglacadh ag an gComhairle CCE a leagan síos i ndúblach, déanfaidh na Comhchathaoirligh iad a fhíordheimhniú agus seolfar cóip amháin díobh do gach Páirtí.

AIRTEAGAL 10

Trédhearcacht

1. Féadfaidh na Páirtithe cinneadh a dhéanamh teacht le chéile go poiblí.

2. Féadfaidh le gach Páirtí cinneadh a dhéanamh maidir le cinntí agus moltaí ón gComhairle CCE a fhoilsiú ina fhoilseachán oifigiúil féin nó ar líne.

3. Ba cheart a mheas gur faisnéis rúnda atá sna doiciméid ar fad a chuireann Páirtí isteach, mura gcinnfidh an Páirtí sin a mhalairt.

4. Cuirfear cláir oibre shealadacha na gcruinnithe ar fáil go poiblí sula mbeidh cruinniú an Choiste ann. Cuirfear miontuairiscí na gcruinnithe ar fáil go poiblí tar éis a bhformheasta i gcomhréir le hAirteagal 8.

5. Foilseofar na doiciméid a luaitear faoi mhíreanna 2 go 4 i gcomhréir leis na rialacha cosanta sonraí is infheidhme de chuid gach Páirtí.

AIRTEAGAL 11

Teangacha

1. **Béarla** a bheidh mar theanga oibre ag an gComhairle CCE.

2. Is i dteangacha théacsanna barántúla an Chomhaontaithe a ghlacfaidh an Chomhairle CCE cinntí a bhaineann le leasú an Chomhaontaithe. Gach cinneadh eile ón gComhairle CCE, lena n-áirítear an cinneadh lena nglacfar na rialacha nós imeachta reatha chomh maith le haon leasú ina dhiaidh sin a ghlacfar i gcomhréir le hAirteagal 13, is sa teanga oibre dá dtagraítear i mír 1 a ghlacfar iad.

3. Beidh gach Páirtí freagrach as cinntí agus doiciméid eile a aistriú go dtí a theanga oifigiúil féin nó a theangacha oifigiúla féin, i gcás inarb ábhartha, agus íocfaidh sé as caiteachas a bhaineann leis an aistriúchán sin.

AIRTEAGAL 12

Speansais

1. Íocfaidh gach Páirtí as aon speansais a thabhóidh sé de thoradh a bheith rannpháirteach i gcruinnithe na Comhairle CCE, maidir le speansais foirne, taistil agus cothaithe go háirithe, agus maidir le caiteachas fís-chomhdhálacha, teilea-chomhdhálacha, poist agus teileachumarsáide.

2. Is é an Páirtí a bheidh ina óstach ar an gcruinniú a íocfaidh as an gcaiteachas i ndáil le cruinnithe a eagrú agus doiciméid a atáirgeadh.

3. Is é an Páirtí atá ina óstach ar an gcruinniú a íocfaidh as caiteachas a bhaineann le seirbhísí ateangaireachta a chur ar fáil ag cruinnithe chun ateangaireacht a dhéanamh go dtí teanga oibre na Comhairle CCE agus uaithi.

AIRTEAGAL 13

Na Rialacha Nós Imeachta a Leasú

Féadfar na Rialacha Nós Imeachta sin a leasú i scríbhinn le cinneadh ón gComhairle CCE i gcomhréir le hAirteagal 9.

**Dréacht**
**CINNEADH Uimh. [...]**

**ÓN gCOMHAIRLE UM CHOMHAONTÚ COMHPHÁIRTÍOCHTA EACNAMAÍCHE**

**maidir leis na Rialacha Nós Imeachta um Réiteach Díospóidí agus leis an gCód Iompair d'Eadránaithe agus Idirghabhálaithe**

TÁ AN CHOMHAIRLE UM CHOMHAONTÚ COMHPHÁIRTÍOCHTA EACNAMAÍCHE,

Ag féachaint don Chomhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche (CCE) idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Poblacht na Céinia, Comhalta de Chomhphobal na hAfraice Thoir, den pháirt eile ('an Comhaontú'), arna shíniú in Nairobi an 18 Nollaig 2023, agus go háirithe Airteagal 105 agus Airteagal 120 de,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Bunaítear na Rialacha Nós Imeachta um Réiteach Díospóidí agus an Cód Iompair d'Eadránaithe agus Idirghabhálaithe mar a leagtar amach in Iarscríbhinní 1 agus 2.

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an ...

Arna dhéanamh in/sa ..., an .

**Iarscríbhinn 1**

# RIALACHA NÓS IMEACHTA UM RÉITEACH DÍOSPÓIDÍ

## I. Sainmhínithe

1. Chun críocha na Coda maidir le Seachaint agus Réiteach Díospóidí, agus na Rialacha Nós Imeachta seo um Réiteach Díospóidí agus an Cód Iompair d'Eadránaithe agus Idirghabhálaithe:

(a) ciallaíonn 'comhairleoir' duine atá fostaithe ag Páirtí chun comhairle nó cúnamh a thabhairt don Pháirtí sin i dtaca le nós imeachta eadrána;

(b) ciallaíonn 'eadránaí' comhalta den phainéal eadrána;

(c) ciallaíonn 'cúntóir' duine aonair a dhéanann, faoi théarmaí ceapacháin agus faoi stiúradh agus rialú eadránaí, taighde nó a thugann cúnamh don eadránaí sin;

(d) ciallaíonn 'an Páirtí is gearánach' an Páirtí a iarrfaidh painéal eadrána a bhunú faoi Airteagal 5 (Nósanna imeachta painéil a thionscnamh);

(e) ciallaíonn 'idirghabhálaí' duine aonair a roghnaíodh mar idirghabhálaí i gcomhréir le hAirteagal 111 (Idirghabháil) de Theideal I de Chuid VII (Seachaint Díospóidí) den Chomhaontú;

(f) ciallaíonn 'an Páirtí a ndearnadh gearán ina aghaidh' an Páirtí a líomhnaítear ina leith go bhfuil an fhoráil faoi chumhdach á sárú aige.

## II. Fógraí

2. Aon iarraidh, fógra, aighneacht i scríbhinn nó doiciméad eile (dá ngairtear 'fógra' anseo feasta):

(a) ón bpainéal, seolfar chuig an dá Pháirtí an tráth céanna é;

(b) ó Pháirtí, agus é dírithe chuig an bpainéal eadrána, déanfar cóip de a sheoladh chuig an bPáirtí eile an tráth céanna; agus

(c) ó Pháirtí, agus é dírithe chuig an bPáirtí eile, déanfar cóip de a sheoladh chuig an bpainéal an tráth céanna.

3. Déanfar aon fhógra a sheoladh trí ríomhphost nó, i gcás inarb iomchuí, trí aon mheán teileachumarsáide eile lena soláthraítear taifead gur seoladh é. Mura gcruthófar a mhalairt, measfar gur seachadadh an fógra sin ar an dáta a seoladh é.

4. Déanfar fógraí a dhíriú chuig an Ard- Stiúrthóireacht atá freagrach as Gnóthaí Trádála an Choimisiún Eorpach agus chuig an roinn atá freagrach as trádáil idirnáisiúnta Phoblacht na Céinia faoi seach.

5. Má tá mionearráidí cléireachais i bhfógra a bhaineann le nós imeachta eadrána, féadfar iad a cheartú trí dhoiciméad nua a sheachadadh, ina léireofar na hathruithe go soiléir.

6. Más rud é gur lá nach lá oibre ag institiúidí an Aontais Eorpaigh nó rialtas Phoblacht na Céinia an lá deireanach chun doiciméad a sheachadadh, tiocfaidh deireadh le tréimhse seachadta an doiciméid ar an gcéad lá oibre ina dhiaidh sin.

## III. Na headránaithe a cheapadh

7. Más rud é, de bhun Airteagal 113 (an Painéal Eadrána a bhunú) de Theideal II de Chuid VII (Réiteach Díospóidí), go roghnófar eadránaí trí chrannchur, déanfaidh Comhchathaoirleach Choiste na nOifigeach Sinsearach an Pháirtí is gearánach dáta, am agus ionad an chrannchuir a chur in iúl go pras do Chomhchathaoirleach an Pháirtí a ndearnadh gearán ina aghaidh. Féadfaidh an Páirtí a ndearnadh an gearán ina aghaidh a bheith i láthair le linn an roghnaithe sin má roghnaíonn sé amhlaidh. Déanfar an roghnú leis an bPáirtí nó na Páirtithe a bheidh i láthair.

8. Tabharfaidh Comhchathaoirleach an Pháirtí is gearánach fógra i scríbhinn do gach duine aonair a roghnófar chun feidhmiú mar eadránaí faoin roghnú an duine sin. Dearbhóidh gach duine don dá Pháirtí go bhfuil sé ar fáil, agus déanfaidh sé sin laistigh de 5 lá tar éis dháta seachadta an fhógra.

9. Glacfaidh na headránaithe lena gceapachán trí na conarthaí ceapacháin a shíniú. Gan dochar d'Airteagal 112 (An Nós Imeachta Eadrána a thionscnamh), féachfaidh na Páirtithe lena áirithiú, ar a dhéanaí faoin am a dheimhneoidh na headránaithe roghnaithe go bhfuil siad ar fáil, go bhfuil siad tagtha ar chomhaontú maidir le luach saothair agus aisíocaíocht speansais na n-eadránaithe agus na gcúntóirí, agus go bhfuil na conarthaí ceapacháin a bhfuil gá leo ullmhaithe acu, d'fhonn iad a bheith sínte go pras. Beidh luach saothair agus speansais na n-eadránaithe bunaithe ar chaighdeáin EDT. An luach saothair agus na speansais a íocfar le cúntóir nó cúntóirí de chuid eadránaí, ní mó ná 50 % de luach saothair an eadránaí sin a bheidh i gceist leo.

## IV. Cruinniú eagrúcháin

10. Mura gcomhaontóidh na Páirtithe a mhalairt, buailfidh siad leis an bpainéal eadrána laistigh de 7 lá tar éis a bhunaithe chun na hábhair is iomchuí, dar leis na Páirtithe nó an painéal eadrána, a chinneadh, lena n- áirítear tráthchlár an nós imeachta painéil. Féadfaidh eadránaithe agus ionadaithe na bPáirtithe páirt a ghlacadh sa chruinniú sin trí aon mheán, lena n-áirítear teileafón, físchomhdháil nó meáin leictreonacha chumarsáide eile.

## V. Téarmaí tagartha

11. Mura gcomhaontóidh na Páirtithe a mhalairt laistigh de 5 lá tar éis dháta bunaithe an phainéil eadrána, is é a bheidh i dtéarmaí tagartha an phainéil:

'*scrúdú a dhéanamh, i bhfianaise na bhforálacha ábhartha CCE AE-na Céinia dá luann na Páirtithe, ar an ábhar dá dtagraítear san iarraidh ar phainéal eadrána, torthaí a fháil maidir le hinfheidhmeacht na bhforálacha faoi chumhdach agus maidir le comhlíontacht an bhirt i gceist leis na forálacha sin agus tuarascáil a sholáthar i gcomhréir le hAirteagail 114 (Tuarascáil eatramhach an Phainéil) agus 115 (Rialú ón bPainéal Eadrána) den Chomhaontú sin.*'

12. Má chomhaontaíonn na Páirtithe ar théarmaí tagartha eile, tabharfaidh siad fógra don phainéal eadrána i dtaobh na dtéarmaí tagartha comhaontaithe agus déanfaidh siad é sin laistigh den tréimhse ama a leagtar amach i Riail 11.

## VI. Aighneachtaí i scríbhinn

13. Cuirfidh an Páirtí is gearánach a aighneacht i scríbhinn isteach tráth nach déanaí ná 20 lá tar éis dháta bunaithe an phainéil eadrána. Cuirfidh an Páirtí a ndearnadh gearán ina aghaidh a aighneacht i scríbhinn isteach tráth nach déanaí ná 20 lá tar éis dháta seachadta aighneachta i scríbhinn an Pháirtí is gearánach.

## VII. Oibríocht an phainéil eadrána

14. Is é cathaoirleach an phainéil eadrána a bheidh i gceannas ar na cruinnithe ar fad. Féadfaidh an painéal eadrána an t-údarás cinntí riaracháin agus cinntí nós imeachta a dhéanamh a tharmligean chuig an gcathaoirleach.

15. Mura bhforáiltear a mhalairt i dTeideal II de Chuid VII (Réiteach Díospóidí) nó sna Rialacha Nós Imeachta seo, féadfaidh an painéal a ghníomhaíochtaí a dhéanamh trí aon mheán, lena n- áirítear teileafón, físchomhdháil nó aon mheán leictreonach cumarsáide eile.

16. Is iad na headránaithe amháin a fhéadfaidh a bheith rannpháirteach i bpléití an phainéil eadrána, ach féadfaidh an painéal eadrána cead a thabhairt do chúntóirí na gcomhaltaí a bheith i láthair ag na pléití.

17. Leanfaidh dréachtú aon chinnidh nó tuarascála de bheith faoi fhreagracht eisiach an phainéil eadrána agus ní dhéanfar é a tharmligean.

18. I gcás ina n-eascróidh ceist nós imeachta nach gcumhdaítear le Teideal II de Chuid VII (Réiteach Díospóidí) ná leis na hIarscríbhinní a ghabhann leis, féadfaidh an painéal eadrána, tar éis dul i gcomhairle leis na Páirtithe, nós imeachta iomchuí a ghlacadh atá ag teacht leis na forálacha sin.

19. Áiritheoidh an painéal eadrána go réiteofar an díospóid go pras. Más rud é go measann an painéal eadrána gur gá aon cheann de na tréimhsí le haghaidh nós imeachta an phainéil eadrána a mhodhnú seachas na tréimhsí sin a leagtar amach i dTeideal II de Chuid VII (Réiteach Díospóidí), nó aon choigeartú nós imeachta nó riaracháin a dhéanamh, cuirfidh sé na Páirtithe ar an eolas i scríbhinn faoi na cúiseanna atá leis an modhnú nó leis an gcoigeartú agus faoin tréimhse nó faoin gcoigeartú is gá. Féadfaidh an painéal eadrána an modhnú nó an coigeartú a ghlacadh tar éis dul i gcomhairle leis na Páirtithe.

## VIII. Ionadú

20. Má mheasann Páirtí nach gcomhlíonann eadránaí ceanglais **Iarscríbhinn XX** (an Cód Iompair d'Eadránaithe agus Idirghabhálaithe) agus gur cheart, ar an gcúis sin, eadránaí eile a chur ina ionad, tabharfaidh an Páirtí sin fógra don Pháirtí eile laistigh de 15 lá tar éis an dáta a fuair sé fianaise leordhóthanach maidir le neamh-chomhlíontacht líomhainte an eadránaí.

21. Rachaidh na Páirtithe i gcomhairle le chéile laistigh de 15 lá i tar éis an dáta a fhaightear an fógra dá dtagraítear i Riail 20. Cuirfidh siad an t-eadránaí ar an eolas faoin neamh-chomhlíontacht líomhainte agus féadfaidh siad a iarraidh ar an eadránaí céimeanna a thabhairt chun í a leigheas. Féadfaidh siad freisin, má chomhaontaíonn siad amhlaidh, an t-eadránaí a chur as oifig agus eadránaí nua a roghnú i gcomhréir le hAirteagal 113 (An painéal eadrána a bhunú).

22. Mura n-éireoidh leis na Páirtithe teacht ar chomhaontú gur gá eadránaí a ionadú, cé is moite de chathaoirleach an phainéil eadrána, féadfaidh ceachtar den dá Pháirtí a iarraidh go ndéanfar an t-ábhar sin a chur faoi bhráid chathaoirleach an phainéil eadrána agus is cinneadh críochnaitheach a bheidh ina chinneadh.

    I gcás ina gcinnfidh cathaoirleach an phainéil eadrána nach gcomhlíonann an t-eadránaí ceanglais **Iarscríbhinn XX** (an Cód Iompair d'Eadránaithe agus Idirghabhálaithe), bainfear an t-eadránaí agus roghnófar eadránaí nua i gcomhréir le hAirteagal 113 (An painéal eadrána a bhunú).

23. Más rud é nach féidir leis na Páirtithe a chomhaontú gur gá an cathaoirleach a ionadú, féadfaidh ceachtar Páirtí a iarraidh go gcuirfear an cheist sin faoi bhráid duine de na daoine eile ar fholiosta ábhartha na gcathaoirleach a leagadh síos de bhun Airteagal 125 (Liosta eadránaithe). Comhchathaoirleach Choiste na nOifigeach Sinsearach ón bPáirtí iarrthach, nó toscaire an Chathaoirligh, a tharraingeoidh ainm an duine trí chrannchur. Is cinneadh críochnaitheach a bheidh i gcinneadh an duine roghnaithe maidir leis an ngá an cathaoirleach a ionadú. Má chinneann an duine sin nach gcomhlíonann an cathaoirleach ceanglais Iarscríbhinn XX (an Cód iompair d'Eadránaithe agus Idirghabhálaithe), cuirfear an cathaoirleach as oifig agus roghnófar cathaoirleach nua i gcomhréir le hAirteagal 113 (An painéal eadrána a bhunú).

## IX. Éisteachtaí

24. Ar bhonn na féilire a leagfar amach i gcomhréir le Riail 10 agus tar éis do chathaoirleach an phainéil eadrána dul i gcomhairle leis na Páirtithe agus leis na headránaithe eile, tabharfaidh sé fógra do na Páirtithe faoi dháta, am agus láthair na héisteachta. Cuirfidh an Páirtí a mbeidh an éisteacht ar siúl ina chríoch an fhaisnéis sin ar fáil go poiblí.

25. Mura gcomhaontaíonn na Páirtithe a mhalairt, is sa Bhruiséil a bheidh an éisteacht más é Poblacht na Céinia an Páirtí is gearánach, agus in Nairobi más é an tAontas Eorpach an Páirtí is gearánach. Beidh an Páirtí a ndearnadh gearán ina aghaidh i gceannas ar riarachán lóistíochta na héisteachta agus is é a íocfaidh na speansais a eascróidh as sin.

26. D'ainneoin Riail 25, féadfaidh an painéal eadrána a chinneadh, arna iarraidh sin do Pháirtí, éisteacht fhíorúil nó éisteacht hibrideach a thionól agus socruithe iomchuí a dhéanamh, agus cearta próise cuí agus an gá le trédhearcacht a áirithiú á gcur san áireamh i gcomhréir le Rialacha 40-43.

27. Féadfaidh an painéal eadrána éisteachtaí breise a thionól má chomhaontaíonn na Páirtithe amhlaidh.

28. Beidh na headránaithe uile i láthair le linn na héisteachta ina hiomláine.

29. Mura gcomhaontóidh na Páirtithe a mhalairt, féadfaidh na daoine seo a leanas freastal ar an éisteacht, is cuma cé acu atá nó nach bhfuil an éisteacht ar oscailt don phobal:

    (a) ionadaithe agus comhairleoirí Páirtí; agus

    (b) cúntóirí, ateangairí agus daoine eile a n-éilíonn an painéal iad a bheith i láthair.

30. Tráth nach déanaí ná 5 lá roimh dháta éisteachta, seolfaidh gach Páirtí chuig an bpainéal eadrána agus chuig an bPáirtí eile liosta d'ainmneacha na ndaoine a dhéanfaidh argóint nó cur i láthair ó bhéal ag an éisteacht thar ceann an Pháirtí sin agus ainmneacha na n-ionadaithe agus na gcomhairleoirí eile a bheidh ag freastal ar an éisteacht.

31. Áiritheoidh an painéal go gcaithfear go cothrom leis na Páirtithe agus go dtabharfar a ndóthain ama dóibh chun a n-argóintí a chur i láthair.

32. Féadfaidh an painéal eadrána ceisteanna a dhíriú ar cheachtar Páirtí ag am ar bith le linn na héisteachta.

33. Déanfaidh an painéal eadrána socrú ionas go ndéanfar taifead na héisteachta a sheachadadh chuig na Páirtithe a luaithe is féidir tar éis na héisteachta.

34. Féadfaidh gach Páirtí aighneacht fhorlíontach i scríbhinn a sheachadadh maidir le haon ábhar a tháinig chun cinn le linn na héisteachta laistigh de 10 lá tar éis dháta na héisteachta.

## X. Ceisteanna i scríbhinn

35. Féadfaidh an painéal eadrána, tráth ar bith le linn an nós imeachta painéil, ceisteanna i scríbhinn a chur faoi bhráid Páirtí amháin nó an dá Pháirtí. Aon cheist a chuirfear faoi bhráid Páirtí amháin, tabharfar cóip di don Pháirtí eile.

36. Soláthróidh gach Páirtí don Pháirtí eile cóip dá fhreagra ar na ceisteanna a thíolaic an painéal eadrána. Beidh deis ag an bPáirtí eile barúlacha i scríbhinn a chur ar fáil maidir leis an bhfreagra sin laistigh de 5 lá tar éis an chóip sin a sheachadadh.

## XI. Fionraí agus foirceannadh

37. Arna iarraidh sin don Pháirtí is gearánach, féadfaidh an painéal eadrána a chuid oibre a chur ar fionraí tráth ar bith ar feadh tréimhse nach mó ná 12 mhí i ndiaidh a chéile. Arna iarraidh sin don dá Pháirtí, cuirfidh an painéal a obair ar fionraí tráth ar bith ar feadh tréimhse arna comhaontú ag na Páirtithe agus nach faide ná 12 mhí as a chéile.

38. Rachaidh an painéal eadrána i mbun a chuid oibre arís sula rachaidh an tréimhse fionraíochta in éag arna iarraidh sin don dá Pháirtí. Rachaidh an painéal eadrána i mbun a chuid oibre arís nuair a rachaidh an tréimhse fionraíochta in éag arna iarraidh sin don Pháirtí is gearánach. Féadfaidh an painéal eadrána dul i mbun a chuid oibre arís nuair a rachaidh an tréimhse fionraíochta in éag arna iarraidh sin don Pháirtí a ndearnadh gearán ina aghaidh más rud é gur iarr an dá Pháirtí an fhionraíocht. Déanfaidh an Páirtí is iarratasóir fógra a sheachadadh chuig an bPáirtí eile dá réir sin. Mura n-atosóidh an painéal eadrána a chuid oibre nuair a rachaidh an tréimhse fionraíochta in éag i gcomhréir leis an Riail seo, rachaidh údarás an phainéil eadrána i léig agus foirceannfar an nós imeachta um réiteach díospóidí.

39. I gcás ina gcuirfear obair an phainéil eadrána ar fionraí, cuirfear síneadh leis na tréimhsí ábhartha faoi Theideal II de Chuid VII (Réiteach Díospóidí) a bheidh ar aon fhad leis an tréimhse ar cuireadh obair an phainéil eadrána ar fionraí lena linn.

## XII. Rúndacht

40. Is mar fhaisnéis rúnda a chaithfidh gach Páirtí agus an painéal eadrána le haon fhaisnéis a cháilíonn mar fhaisnéis rúnda de bhun Riail 41. Más rud é go gcuireann Páirtí aighneacht i scríbhinn ina bhfuil faisnéis rúnda faoi bhráid an phainéil eadrána, cuirfidh sé aighneacht eile faoina bhráid gan an fhaisnéis rúnda inti agus nochtfar an aighneacht sin don phobal.

41. Is éard atá i bhfaisnéis rúnda:

(a) faisnéis rúnda gnó;

(b) faisnéis atá cosanta ar a bheith curtha ar fáil don phobal faoin gComhaontú seo;

(c) faisnéis atá cosanta ar a bheith curtha ar fáil don phobal, i gcás faisnéis de chuid an Pháirtí is gearánach, faoi dhlí an Pháirtí is gearánach, agus i gcás faisnéis ón bPáirtí a ndearnadh gearán ina aghaidh, faoi dhlí an Pháirtí a ndearnadh gearán ina aghaidh; nó

(d) faisnéis lena gcuirfí bac ar fhorfheidhmiú an dlí dá nochtfaí í.

42. Má easaontaíonn na Páirtithe maidir le cé acu a cháilíonn nó nach gcáilíonn faisnéis mar fhaisnéis rúnda, déanfaidh an painéal eadrána cinneadh, arna iarraidh sin do Pháirtí, tar éis dul i gcomhairle leis na Páirtithe.

43. Is i seisiún dúnta a thiocfaidh an painéal eadrána le chéile má bhíonn faisnéis rúnda in aighneacht agus in argóintí de chuid Páirtí. Aon éisteacht a dhéanfar i seisiún dúnta, coimeádfaidh na Páirtithe faoi rún í.

## XIII. Trédhearcacht

44. Cuirfidh gach Páirtí an méid seo a leanas ar fáil go poiblí go pras:

(a) iarraidh ar chomhairliúchán de bhun Airteagal 110(2) (Comhairliúcháin);

(b) iarraidh ó phainéal eadrána de bhun Airteagal 112 (An Nós Imeachta Eadrána a Thionscnamh);

(c) dáta bunaithe painéil eadrána i gcomhréir le hAirteagal 113(5) (An painéal eadrána a bhunú), an teorainn ama le haghaidh aighneachtaí *amicus curiae* arna cinneadh ag an bpainéal de bhun Riail 51 (a), agus an teanga oibre do nós imeachta an phainéil eadrána arna cinneadh i gcomhréir le Riail 55 nó le Riail 56;

(d) a aighneachtaí agus a ráitis i nós imeachta an phainéil eadrána;

(e) réiteach comhaontaithe ar bhonn frithpháirteach de bhun Airteagal 119 (Réiteach Comhaontaithe ar bhonn Frithpháirteach); agus

(f) tuarascálacha críochnaitheacha agus cinntí críochnaitheacha an phainéil eadrána.

45. Beidh aon éisteacht de chuid an phainéil eadrána ar oscailt don phobal.

46. Féadfaidh daoine nádúrtha de chuid Páirtí nó daoine dlítheanacha atá bunaithe i bPáirtí aighneachtaí *amicus curiae* a chur chuig an bpainéal eadrána i gcomhréir le Riail 51.

47. Beidh Riail 44 agus Riail 45 faoi réir cosaint faisnéise rúnda mar a leagtar amach i Rialacha 40-43 iad.

## XIV. Teagmhálacha *ex parte*

48. Ní thiocfaidh an painéal eadrána le chéile nó ní dhéanfaidh sé cumarsáid le Páirtí in éagmais an Pháirtí eile.

49. Ní phléifidh eadránaí aon ghné d'ábhar nós imeachta an phainéil eadrána le Páirtí amháin ná leis an dá Pháirtí gan na headránaithe eile a bheith i láthair.

50. Ní bheidh aon teagmháil ag Páirtí le headránaí. Aon teagmháil idir Páirtí agus duine atá á bhreithniú lena roghnú mar eadránaí, beidh sí teoranta do shaincheisteanna a bhaineann leis an duine sin a bheith ar fáil agus leis an gconradh ceapacháin.

## XV. Aighneachtaí *amicus curiae*

51. Mura gcomhaontóidh na Páirtithe a mhalairt laistigh de 5 lá tar éis dháta bunaithe an phainéil eadrána, féadfaidh an painéal eadrána aighneachtaí i scríbhinn gan iarraidh a fháil ó dhaoine nádúrtha de chuid Páirtí nó ó dhaoine dlítheanacha atá bunaithe i gcríoch Pháirtí, agus iad neamhspleách ar rialtais na bPáirtithe (dá ngairtear aighneachtaí *amicus curiae* anseo feasta), ar choinníoll gurb amhlaidh an méid seo a leanas:

(a) go bhfaighidh an painéal eadrána iad faoi dháta a chinnfidh an painéal eadrána agus dáta nach déanaí ná an dáta a socraíodh don chéad aighneacht i scríbhinn ón bPáirtí a ndearnadh gearán ina aghaidh;

(b) go mbeidh na haighneachtaí gonta agus nach mbeidh siad níos faide ná 15 leathanach in aon chás, lena n-áirítear aon iarscríbhinn, agus iad clóscríofa ar spás dúbailte;

(c) go mbeidh na haighneachtaí ag baint go díreach le saincheist fhíorasach nó dhlíthiúil atá á breithniú ag an bpainéal eadrána;

(d) go bhfuil tuairisc sna haighneachtaí ar an duine a dhéanfaidh an aighneacht, lena n-áirítear, más infheidhme, náisiúntacht nó áit bhunaithe duine, cineál a ghníomhaíochtaí, a stádas dlíthiúil, a chuspóirí ginearálta, foinse a mhaoinithe agus aon eintiteas rialaithe;

(e) go sonrófar iontu an cineál leasa atá ag an duine i nós imeachta an phainéil eadrána; agus

(f) go mbeidh siad dréachtaithe sa teanga oibre a cinneadh i gcomhréir le Rialacha 55 nó 56.

52. Tabharfar fógra faoi na haighneachtaí *amicus curiae* do na Páirtithe ionas gur féidir leo a mbarúlacha a thabhairt maidir leo. Féadfaidh na Páirtithe a mbarúlacha a thabhairt don phainéal laistigh de 10 lá tar éis sheachadadh na n-aighneachtaí do na Páirtithe.

53. Liostóidh an painéal eadrána ina thuarascáil na haighneachtaí *amicus curiae* go léir a fuair sé de bhun Riail 51. Sa tuarascáil uaidh, ní bheidh sé d'oibleagáid ar an bpainéal eadrána aghaidh a thabhairt ar na hargóintí a rinneadh sna haighneachtaí sin. Más rud é go dtugann an painéal eadrána aghaidh ar na hargóintí a rinneadh sna

haighneachtaí, cuirfidh sé aon bharúil a rinne na Páirtithe de bhun riail 52 san áireamh freisin.

## XVI. Cásanna práinneacha

54. I gcásanna práinne dá dtagraítear i gCuid VII den Chomhaontú, déanfaidh an painéal eadrána, tar éis dul i gcomhairle leis na Páirtithe, coigeartú ar na tréimhsí a leagtar amach sna Rialacha Nós Imeachta seo, de réir mar is iomchuí. Tabharfaidh an painéal eadrána fógra do na Páirtithe go ndearnadh na coigeartuithe sin.

## XVII. Teanga oibre agus aistriúcháin

55. Le linn na gcomhairliúchán dá dtagraítear in Airteagal 110 (Comhairliúcháin), agus tráth nach déanaí ná sa chruinniú eagrúcháin dá dtagraítear i Riail 10, féachfaidh na Páirtithe le teacht ar chomhaontú faoi theanga oibre choiteann le haghaidh nós imeachta an phainéil eadrána.

56. Mura mbeidh na Páirtithe in ann teacht ar chomhaontú maidir le teanga oibre choiteann, is í an teanga ina ndearnadh an comhaontú a chaibidliú a bheidh ina teanga oibre le haghaidh nós imeachta an phainéil eadrána .

57. Eiseofar tuarascálacha agus cinntí ón bpainéal eadrána sa teanga oibre.

58. Má chuireann Páirtí doiciméad isteach i dteanga nach í an teanga oibre í, cuirfidh sé aistriúchán air isteach an tráth céanna ar a chostas féin.

## XVIII. Tréimhsí ama

59. Déantar na tréimhsí uile a leagtar amach sna Rialacha Nós Imeachta sin a chomhaireamh i laethanta féilire ón lá tar éis an ghnímh dá dtagraíonn siad, mura sonraítear a mhalairt.

60. Aon tréimhse a leagtar amach sna Rialacha Nós Imeachta sin, féadfar í a mhodhnú le comhaontú frithpháirteach na bPáirtithe.

61. Féadfaidh an painéal a mholadh do na Páirtithe, tráth ar bith, aon tréimhse a leagtar amach sna Rialacha Nós Imeachta a mhodhnú, agus na cúiseanna leis an moladh á lua.

## XIX. Costais

62. Seasfaidh gach Páirtí a speansais féin a eascróidh ó rannpháirtíocht i nós imeachta an phainéil eadrána.

63. Mura bhforáiltear a mhalairt, beidh na Páirtithe faoi dhliteanas comhpháirteach do na speansais a bhaineann le hábhair eagraíochtúla, lena n- áirítear luach saothair agus costais na n-eadránaithe, agus comhroinnfidh siad go cothrom iad.

## XX. Nósanna imeachta eile

64. Déanfar na tréimhsí ama a leagtar amach sna Rialacha Nós Imeachta seo a choigeartú i gcomhréir leis na tréimhsí ama speisialta dá bhforáiltear maidir leis an bpainéal tuarascáil nó cinneadh a sholáthar de bhun Airteagal 115 (Rialú ón bPainéal Eadrána), Airteagal 116 (Athbhreithniú ar aon Bheart a Ghlactar chun an Rialú ón bPainéal Eadrána a Chomhlíonadh), Airteagal 117 (Leigheasanna Sealadacha i gcás Neamhchomhlíontachta) agus Airteagal 118 (Athbhreithniú ar aon Bheart a Ghlactar chun é a Chomhlíonadh tar éis Bearta Iomchuí a Ghlacadh) de Theideal II de Chuid VII (Réiteach Díospóidí).

## XXI. Leasú ar na Rialacha Nós Imeachta agus ar an gCód Iompair d'Eadránaithe agus Idirghabhálaithe

65. Féadfaidh an Chomhairle CCE na Rialacha Nós Imeachta reatha agus an Cód Iompair d'Eadránaithe agus Idirghabhálaithe atá i gceangal leis an gComhaontú a leasú.

**Iarscríbhinn 2**

# CÓD IOMPAIR D'EADRÁNAITHE AGUS IDIRGHABHÁLAITHE

## I. Sainmhínithe

1. Chun críocha an Chóid Iompair seo:

(a) ciallaíonn 'iarrthóir' duine aonair atá á bhreithniú lena roghnú mar eadránaí de bhun Airteagal 113 (An painéal eadrána a bhunú) nó 125 (Liostaí na n-eadránaithe) de Chuid VII (Seachaint agus Réiteach Díospóidí) den Chomhaontú;

(b) ciallaíonn 'idirghabhálaí' duine aonair a roghnaíodh mar idirghabhálaí i gcomhréir le hAirteagal 111 (Idirghabháil) de Theideal I de Chuid VII (Seachaint Díospóidí) den Chomhaontú; agus

(c) ciallaíonn 'eadránaí' comhalta den phainéal eadrána.

## II. Prionsabail rialaithe

2. Chun ionracas agus neamhchlaontacht an tsásra um réiteach díospóidí a chaomhnú, beidh an méid seo fíor faoi iarrthóirí agus eadránaithe:

(a) cuirfidh siad eolas ar an gCód Iompair seo;

(b) beidh siad neamhspleách neodrach;

(c) seachnóidh siad gach coinbhleacht leasa, idir dhíreach agus neamhdhíreach;

(d) mí-iompar nó claonadh agus dealramh mí-iompair nó claonta a sheachaint;

(e) cloífidh siad le hardchaighdeáin iompraíochta;

(f) ní ghlacfaidh siad treoracha ó aon eagraíocht nó rialtas maidir le réiteach díospóidí faoin gComhaontú seo; agus

(g) ní bheidh siad faoi thionchar an leasa phearsanta, brúnna seachtracha, ceisteanna polaitíochta, agóidí poiblí, dílseacht do Pháirtí ná eagla a gcáinte.

3. Ní rachaidh eadránaithe faoi aon oibleagáid ná ní ghlacfaidh siad go díreach ná go hindíreach le sochar ar bith a chuirfeadh isteach ar aon bhealach ar chomhlíonadh cuí a ndualgas, nó a mbainfeadh an chosúlacht leis go gcuirfeadh sé isteach ar chomhlíonadh na ndualgas sin.

4. Ní úsáidfidh eadránaithe a stádas mar chomhalta den phainéal eadrána chun aon leas pearsanta nó príobháideach a chur chun cinn. Seachnóidh eadránaithe aon ghníomhaíocht a spreagfadh barúil go bhfuil cumas ar leith ag daoine eile tionchar a imirt air.

5. Áiritheoidh eadránaithe nach mbeidh tionchar ar a n-iompar ná ar a mbreithiúnas ag caidreamh ná dualgais a bhí nó atá acu faoi láthair, de chineál airgeadais, tráchtála, gairmiúil, teaghlaigh ná sóisialta.

6. Seachnóidh eadránaithe aon chaidreamh a dhéanamh, nó aon leas airgeadais a fháil ar dhócha go ndéanfadh sé dochar dá neamhchlaontacht, nó a d'fhéadfadh cur le dealramh réasúnta go mbeadh mí-iompar nó claonadh i gceist.

## III. Oibleagáidí maidir le nochtadh

7. Sula nglacfar lena gceapachán mar Eadránaí de bhun Airteagal 113 (An Painéal Eadrána a Bhunú) de Theideal II de Chuid VII (Réiteach Díospóidí), gheobhaidh iarrthóirí a n-iarrfar orthu fónamh mar eadránaí cóip den Chód Iompair seo agus nochtfaidh siad aon leas, caidreamh nó ábhar san am a chuaigh thart nó san am i láthair ar dócha go ndéanfadh sé difear dá neamhspleáchas nó dá neamhchlaontacht nó a d'fhéadfadh cur le dealramh réasúnta go mbeadh iompar míchuí nó claonadh i gceist. Chuige sin, déanfaidh na hiarrthóirí gach iarracht réasúnta chun a bheith ar an eolas faoi leas, caidreamh nó ábhar den sórt sin.

8. Is oibleagáid leanúnach í an oibleagáid maidir le nochtadh lena gceanglaítear ar eadránaithe iarrachtaí réasúnta a dhéanamh i gcónaí chun a bheith ar an eolas faoi aon leas, caidreamh nó ábhar dá dtagraítear i mír 7 a d'fhéadfadh teacht chun cinn le linn aon chéim de na himeachtaí, agus é a nochtadh a luaithe a thiocfaidh siad ar an eolas faoi.

9. Cuirfidh iarrthóirí agus eadránaithe aon ábhar a bhaineann le sáruithe iarbhír nó féideartha ar an gCód Iompair seo in iúl do na Páirtithe lena mbreithniú.

## IV. Dualgais na nEadránaithe

10. Tar éis dóibh glacadh lena gceapachán, beidh eadránaithe ar fáil chun a ndualgais a dhéanamh agus cuirfidh siad i gcrích iad go críochnúil, go gasta agus le cothroime agus le dúthracht ó thús deireadh na n-imeachtaí.

11. Ní bhreithneoidh eadránaithe ach amháin na saincheisteanna a ardaítear sna himeachtaí agus atá riachtanach le haghaidh cinnidh nó tuarascála. Ní dhéanfaidh siad an dualgas seo a tharmligean chuig aon duine eile.

12. Comhlíonfaidh cúntóirí na hoibleagáidí a leagtar amach d'eadránaithe i gCuid II (Prionsabail rialaithe), i gCuid III (Oibleagáidí maidir le nochtadh) agus i gCuid VII (Rúndacht), *mutatis mutandis*. Déanfaidh eadránaithe gach beart iomchuí chun a áirithiú go bhfuil a gcúntóirí ar an eolas faoi na hoibleagáidí sin agus go gcomhlíonann siad iad.

## V. Dualgais na n-iarrthóirí ionchasacha

13. Na daoine a áirítear ar an liosta arna bhunú de bhun Airteagal 125 (Liosta na nEadránaithe) den Chomhaontú, urramóidh siad ardchaighdeáin iompair agus seachnóidh siad iompar míchuí nó dealramh an iompair sin. Daoine aonair a áirítear ar an liosta sin, nó a mheastar a bheith san áireamh, cuirfidh siad in iúl do na Páirtithe gan mhoill aon ábhar a bhféadfadh gá a bheith lena bhreithniú ina leith sin.

## VI. Oibleagáidí na nIar-Eadránaithe

14. Seachnóidh iar-eadránaithe gníomhaíochtaí a d'fhéadfadh a thabhairt le fios go raibh siad claonta agus iad ag comhlíonadh a ndualgas nó gur bhain siad buntáiste as aon chinneadh nó as aon tuarascáil ón bpainéal eadrána.

15. Comhlíonfaidh iar-eadránaithe na hoibleagáidí i gCuid VII (Rúndacht) den Chód Iompair seo.

## VII. Rúndacht

16. Ní dhéanfaidh eadránaithe aon fhaisnéis neamhphoiblí a bhaineann leis na himeachtaí nó a fuarthas le linn na n-imeachtaí ar ceapadh iad ina leith a nochtadh ná a úsáid tráth ar bith, ach amháin chun críocha na n-imeachtaí sin. Go háirithe, ní dhéanfaidh siad aon fhaisnéis den sórt sin a nochtadh ná a úsáid chun buntáiste pearsanta nó buntáiste do dhaoine eile a fháil, nó chun dochar a dhéanamh do leas daoine eile.

17. Ní nochtfaidh eadránaithe cinneadh nó tuarascáil ón bpainéal eadrána ná codanna díobh sula bhfoilseofar an cinneadh nó an tuarascáil sin i gcomhréir le hAirteagal XIII (Trédhearcacht) de na Rialacha nós imeachta le haghaidh Réiteach Díospóidí.

18. Ní dhéanfaidh eadránaithe, tráth ar bith, pléití painéal eadrána, ná aon tuairim ó eadránaí, a nochtadh ná ní dhéanfaidh siad aon ráitis ar na himeachtaí ar ceapadh iad ina leith ná ar na saincheisteanna atá faoi dhíospóid sna himeachtaí.

## VIII. Speansais

19. Coimeádfaidh eadránaithe taifead agus tabharfaidh siad cuntas críochnaitheach ar an am a caitheadh ar na himeachtaí agus ar a speansais, chomh maith leis an am agus na speansais a bhaineann le cúntóir, más infheidhme.

## IX. Idirghabhálaithe

20. Bainfidh an Cód Iompair seo le hidirghabhálaithe, *mutatis mutandis*.

****

**Dréacht**
**CINNEADH Uimh. [...]**

**Ó CHOISTE NA nOIFIGEACH SINSEARACH**

**maidir lena Rialacha Nós Imeachta**

COISTE NA NOIFIGEACH SINSEARACH,

Ag féachaint don Chomhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche (CCE) idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Poblacht na Céinia, Comhalta de Chomhphobal na hAfraice Thoir, den pháirt eile ('an Comhaontú'), arna shíniú in Nairobi an 18 Nollaig 2023, agus go háirithe Airteagal 106 agus Airteagal 107 de,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Leagtar síos Rialacha Nós Imeachta Choiste na nOifigeach Sinsearach mar a leagtar amach san Iarscríbhinn.

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an ...

Arna dhéanamh in/sa ..., an .

**Iarscríbhinn**

**RIALACHA NÓS IMEACHTADE CHUID CHOISTE NA nOIFIGEACH SINSEARACH**

arna bhunú le hAirteagal 106 den Chomhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Poblacht na Céinia, Comhalta de Chomhphobal na hAfraice Thoir, den pháirt eile

AIRTEAGAL 1

Ról Choiste CCE na nOifigeach Sinsearach

Coiste na nOifigeach Sinsearach arna bhunú de bhun Airteagal 106 den Chomhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas Eorpach, de pháirt amháin, agus Poblacht na Céinia, Comhalta de Chomhphobal na hAfraice Thoir, den pháirt eile, (dá ngairtear 'an Comhaontú' anseo feasta), tá sé freagrach as gach ábhar dá dtagraítear in Airteagal 106(5) den Chomhaontú.

AIRTEAGAL 2

Comhdhéanamh agus Cathaoirleach

1. Is iad ionadaithe ón Aontas Eorpach agus ó Phoblacht na Céinia, i gcomhréir le hAirteagal 106 den Chomhaontú, nó a n-ainmnithe, atá ina gcomhaltaí agus ina gcomhchathaoirligh ar Choiste na nOifigeach Sinsearach.

2. Tabharfaidh an dá Pháirtí fógra dá chéile faoi ainm, post, agus sonraí teagmhála an oifigigh shinsearaigh nó an Phríomhrúnaí, ar a bhfuil sé de chúram comhchathaoirleacht a dhéanamh ar Choiste na nOifigeach Sinsearach thar ceann an Pháirtí sin. Measfar go bhfuil an t-údarás ag an oifigeach sinsearach nó ag an bPríomhrúnaí sin ionadaíocht a dhéanamh thar

ceann an Pháirtí go dtí an dáta a thabharfaidh an Páirtí sin fógra don Pháirtí eile faoi Chomhchathaoirleach nua.

AIRTEAGAL 3

Rúnaíocht

1. Oifigigh ón roinn atá freagrach as Trádáil de chuid gach Páirtí, is iadsan a bheidh ina Rúnaíocht ar Choiste na nOifigeach Sinsearach.

2. Tabharfaidh an dá Pháirtí fógra dá chéile faoi ainm, post, agus sonraí teagmhála an oifigigh atá ina chomhalta de Rúnaíocht Choiste na nOifigeach Sinsearach thar ceann an Pháirtí sin. Measfar an t-oifigeach a bheith fós ina chomhalta de Rúnaíocht an Pháirtí go dtí an dáta a thabharfaidh an Páirtí fógra don Pháirtí eile faoi chomhalta nua.

AIRTEAGAL 4

Cruinnithe

1. De bhun Airteagal 106(3), agus faoi réir aon treoir a fhéadfaidh an Chomhairle CCE a thabhairt, tiocfaidh Coiste na nOifigeach Sinsearach le chéile uair amháin sa bhliain ar a laghad, agus féadfaidh siad cruinnithe urghnácha a thionól uair ar bith is gá, tráth ar bith a chomhaontóidh na Páirtithe. Tiocfaidh Coiste na nOifigeach Sinsearach le chéile freisin roimh chruinnithe den Chomhairle CCE.

2. Tionólfar na cruinnithe ar an dáta a shocraítear agus ag an am a shocraítear ar bhonn idirmhalartach sa Bhruiséil agus in Nairobi, mura gcomhaontóidh na Comhchathaoirligh a mhalairt.

3. Comhchathaoirleach an Pháirtí atá ina óstach ar an gcruinniú, is eisean a dhéanfaidh an cruinniú a thionól.

4. Féadfar cruinniú a thionól ar an láthair, trí fhíschomhdháil nó ar aon mhodh eile a chomhaontóidh na páirtithe.

## AIRTEAGAL 5

## Toscaireachtaí

Tréimhse réasúnta ama roimh aon chruinniú, déanfaidh an t-oifigeach atá ag gníomhú mar Rúnaí Choiste na nOifigeach Sinsearach thar ceann gach Páirtí an t-oifigeach atá ag gníomhú mar Rúnaí thar ceann an Pháirtí eile a chur ar an eolas faoin gcomhdhéanamh atá beartaithe le haghaidh thoscaireachtaí an Aontais Eorpaigh agus Phoblacht na Céinia faoi seach. Sna liostaí sin, sonrófar ainm agus feidhm gach comhalta den toscaireacht.

## AIRTEAGAL 6

## An clár oibre do na cruinnithe

1. 21 lá ar a laghad roimh chruinniú, seolfaidh comhalta de Rúnaíocht Choiste na nOifigeach Sinsearach an Pháirtí atá ina óstach don chruinniú togra le haghaidh clár oibre sealadach chuig an bPáirtí eile, maille le sprioc-am chun barúlacha a thabhairt. Déanfaidh Rúnaíocht Choiste na nOifigeach Sinsearach an clár oibre sealadach a tharraingt suas 14 lá ar a laghad roimh an gcruinniú, agus na barúlacha á gcur san áireamh.

2. Glacfaidh Coiste na nOifigeach Sinsearach an clár oibre ag tús gach cruinnithe. Míreanna nach bhfuil ar an gclár oibre sealadach, féadfar iad a chur ar an gclár oibre trí chomhaontú frithpháirteach.

## AIRTEAGAL 7

### Cuireadh a thabhairt do shaineolaithe

Féadfaidh Comhchathaoirligh Choiste na nOifigeach Sinsearach, trí chomhaontú frithpháirteach, cuireadh a tabhairt do shaineolaithe (i.e. saineolaithe nach oifigigh rialtais iad) freastal ar chruinnithe de Choiste na nOifigeach Sinsearach chun faisnéis a sholáthar maidir le hábhair shonracha agus ní bheidís i láthair ach amháin do na codanna den chruinniú ina bpléitear na hábhair shonracha sin.

## AIRTEAGAL 8

### Miontuairiscí

1. Maidir leis an oifigeach atá ag gníomhú mar chomhalta de Rúnaíocht an Pháirtí atá ina óstach ar an gcruinniú, dréachtóidh sé dréacht-mhiontuairiscí ar gach cruinniú laistigh de 15 lá ó dheireadh an chruinnithe, mura gcinnfidh na Comhchathaoirligh a mhalairt. Seolfar na dréacht-mhiontuairiscí chuig an gcomhalta de Rúnaíocht an Pháirtí eile ar mhaithe le barúlacha a fháil.

2. I gcás ina mbeidh feidhm ag na rialacha seo maidir le cruinnithe de choistí speisialaithe nó cruinnithe den Choiste Speisialta um Chustam agus Éascú na Trádála, cuirfear miontuairiscí chruinniú na gcoistí sin ar fáil le haghaidh aon chruinnithe de Choiste na nOifigeach Sinsearach nó den Chomhairle CCE ina dhiaidh sin, de réir mar is iomchuí.

3. Déanfar achoimre sna miontuairiscí, mar riail ghinearálta, ar gach mír atá ar an gclár oibre, agus sonrófar an méid seo a leanas iontu, i gcás inarb infheidhme:

(a) gach doiciméad arna chur faoi bhráid Choiste na nOifigeach Sinsearach;

(b) aon ráiteas a d’iarr duine de Chomhchathaoirligh Choiste na nOifigeach Sinsearach a chur leis na miontuairiscí; agus

(c) na cinntí a rinneadh, na moltaí a rinneadh, na ráitis a comhaontaíodh agus na conclúidí a glacadh i leith ítimí sonracha.

4. Áireofar sna miontuairiscí liosta ar a mbeidh na cinntí uile ó Choiste na nOifigeach Sinsearach a rinneadh trí nós imeachta i scríbhinn de bhun Airteagal 9(2) ón uair dheireanach a raibh cruinniú ag an gCoiste.

5. Beidh iarscríbhinn ag gabháil leis na miontuairiscí freisin ina mbeidh liosta ainmneacha agus theidil na ndaoine ar fad a bhí i láthair ag an gcruinniú de Choiste na nOifigeach Sinsearach, mar aon le cáil na ndaoine sin.

6. Déanfaidh an Rúnaí na dréacht-mhiontuairiscí a choigeartú ar bhonn na mbarúlacha a fuarthas agus déanfaidh na Páirtithe na dréacht-mhiontuairiscí, arna n-athbhreithniú, a fhormheas laistigh de 30 lá ó dháta an chruinnithe, nó faoi aon dáta arna shocrú ag na Comhchathaoirligh. Nuair a bheidh siad formheasta, bunóidh an Rúnaíocht dhá scríbhinn bhunaidh de na miontuairiscí agus gheobhaidh na Páirtithe araon scríbhinn bhunaidh amháin díobh.

AIRTEAGAL 9

Cinntí agus moltaí

1. Féadfaidh Coiste na nOifigeach Sinsearach cinntí agus moltaí a ghlacadh maidir le gach ábhar dá bhforáiltear amhlaidh leis an gComhaontú. Is trí chomhaontú frithpháirteach a ghlacfaidh Coiste na nOifigeach Sinsearach cinntí agus moltaí, faoi mar a fhoráiltear in Airteagal 107 den Chomhaontú.

2. Sa tréimhse idir cruinnithe, féadfaidh Coiste na nOifigeach Sinsearach cinntí nó moltaí a ghlacadh trí nós imeachta i scríbhinn.

3. Déanfaidh Comhchathaoirleach téacs dréachtchinnidh nó dréachtmholta a thíolacadh i scríbhinn don Chomhchathaoirleach eile i dteanga oibre Choiste na nOifigeach Sinsearach. Beidh mí amháin, nó tréimhse níos faide a shonróidh an Páirtí atá á chur chun cinn, ag an bPáirtí eile lena chur in iúl go gcomhaontaíonn sé leis an dréachtchinneadh nó dréachtmholadh sin. Mura gcuirfidh an Páirtí eile in iúl go n-aontaíonn sé leis, pléifear an

cinneadh nó an moladh atáthar a chur chun cinn agus féadfar é a ghlacadh ag an gcéad chruinniú eile de Choiste na nOifigeach Sinsearach. Measfar na dréachtchinntí nó dréachtmholtaí a bheith glactha a luaithe a chuirfidh an Páirtí eile in iúl go gcomhaontaíonn sé leo agus déanfar sin a thaifeadadh sna miontuairiscí ó chruinniú an Choiste de bhun Airteagal 8(3).

4. I gcás ina dtugtar de chumhacht do Choiste na nOifigeach Sinsearach faoin gComhaontú cinntí nó moltaí a ghlacadh, tabharfar 'Cinneadh' nó 'Moladh' ar na gníomhartha seo, faoi seach. Cuirfidh Rúnaíocht Choiste na nOifigeach Sinsearach sraithuimhir chéimnitheach, dáta glactha agus tuairisc ar an ábhar le haon chinneadh nó moladh. Déanfar foráil i ngach cinneadh nó moladh maidir le dáta a theacht i bhfeidhm.

5. Déanfar na cinntí nó moltaí arna nglacadh ag Coiste na nOifigeach Sinsearach a leagan síos i ndúblach, déanfaidh na Comhchathaoirligh iad a fhíordheimhniú agus seolfar cóip amháin díobh do gach Páirtí.

## AIRTEAGAL 10

### Trédhearcacht

1. Féadfaidh na Páirtithe cinneadh a dhéanamh teacht le chéile go poiblí.

2. Féadfaidh le gach Páirtí cinneadh a dhéanamh maidir le cinntí agus moltaí ó Choiste na nOifigeach Sinsearach a fhoilsiú ina fhoilseachán oifigiúil féin nó ar líne.

3. Ba cheart a mheas gur faisnéis rúnda atá sna doiciméid ar fad a chuireann Páirtí isteach, mura gcinnfidh an Páirtí sin a mhalairt.

4. Cuirfear cláir oibre shealadacha na gcruinnithe ar fáil go poiblí sula mbeidh cruinniú an Choiste ann. Cuirfear miontuairiscí na gcruinnithe ar fáil go poiblí tar éis a bhformheasta i gcomhréir le hAirteagal 8.

5. Foilseofar na doiciméid a luaitear faoi mhíreanna 2 go 4 i gcomhréir leis na rialacha cosanta sonraí is infheidhme de chuid gach Páirtí.

AIRTEAGAL 11

Teangacha

1. Is é an Béarla an teanga oibre a bheidh ag Coiste na nOifigeach Sinsearach.

2. Glacfaidh Coiste na nOifigeach Sinsearach cinntí sa teanga oibre dá dtagraítear i mír 1.

3. Beidh gach Páirtí freagrach as cinntí agus doiciméid eile a aistriú go dtí a theanga oifigiúil féin nó a theangacha oifigiúla féin, i gcás inarb ábhartha, agus íocfaidh sé as caiteachas a bhaineann leis an aistriúchán sin.

AIRTEAGAL 12

Speansais

1. Íocfaidh gach Páirtí as aon speansais a thabhóidh sé de thoradh a bheith rannpháirteach i gcruinnithe de Choiste na nOifigeach Sinsearach, maidir le speansais foirne, taistil agus cothaithe go háirithe, agus maidir le speansais fís-chomhdhálacha, teilea-chomhdhálacha, poist agus teileachumarsáide.

2. Is é an Páirtí a bheidh ina óstach ar an gcruinniú a íocfaidh as an gcaiteachas i ndáil le cruinnithe a eagrú agus doiciméid a atáirgeadh.

3. Is é an Páirtí atá ina óstach ar an gcruinniú a íocfaidh as caiteachas a bhaineann le seirbhísí ateangaireachta a chur ar fáil ag cruinnithe chun ateangaireacht a dhéanamh go dtí teanga oibre Choiste na nOifigeach Sinsearach agus uaithi.

AIRTEAGAL 13

Coistí speisialaithe agus comhlachtaí eile arna mbunú faoin gComhaontú

1. Chun a chúraimí a chomhlíonadh go héifeachtach, de bhun Airteagal 107 den Chomhaontú, féadfaidh Coiste na nOifigeach Sinsearach coistí speisialaithe a chur ar bun faoina údarás a bheidh freagrach as déileáil le hábhair shonracha faoin gComhaontú. Chuige sin, cinnfidh Coiste na nOifigeach Sinsearach comhdhéanamh agus cúraimí na gcoistí speisialaithe sin.

2. De bhun Airteagal 107 den Chomhaontú, tabharfaidh Coiste na nOifigeach Sinsearach treoracha do gach coiste speisialaithe agus do na comhlachtaí eile uile arna mbunú faoin gComhaontú agus déanfaidh sé maoirseacht orthu.

3. Cuirfear Coiste na nOifigeach Sinsearach ar an eolas i scríbhinn faoi na pointí teagmhála a d’ainmnigh coistí speisialaithe nó comhlachtaí eile arna mbunú faoin gComhaontú. Cuirfear gach comhfhreagras, doiciméad agus cumarsáid ábhartha idir pointí teagmhála gach coiste speisialaithe a bhaineann le cur chun feidhme an Chomhaontaithe ar aghaidh an tráth céanna chuig Rúnaíocht Choiste na nOifigeach Sinsearach.

4. Mura gcinnfidh Coiste na nOifigeach Sinsearach a mhalairt, beidh feidhm *mutatis mutandis* ag na Rialacha Nós Imeachta reatha maidir leis na coistí speisialaithe agus comhlachtaí eile arna mbunú faoin gComhaontú.

AIRTEAGAL 14

Na Rialacha Nós Imeachta a Leasú

Féadfar na Rialacha Nós Imeachta sin a leasú i scríbhinn le cinneadh ó Choiste na nOifigeach Sinsearach i gcomhréir le hAirteagal 9.